Oileán an Anma

Tá Oileán an Anma i mbéal Chuan Chuigéal amach ó Pholl Uí Mhuirinn. Briseadh soitheach ar ar ghob an oileáin agus níor báthadh ach aon fhear amháin. Bhí lucht cadáis innte. Thóg na gardaí fairrge an lucht aiste. Tá an t-adhmad urláir agus an halmadóir le feiceál fós ann. Soir ó Oileán an Anma tá Carraig na nGall idir é agus Cara na Trágha Báine.